European Personnel Selection Office

EPSO 04
Outreach and External Relations

Brussel, 1/03/2023
EPSO.04/KH D (2023) s.2265772

**Treoir céim ar chéim maidir le socruithe réasúnta (oiriúnuithe) a iarraidh i dtrialacha roghnúcháin EPSO**

Níor cheart aon mhíchumas ná riocht sláinte, bíodh sin sealadach nó buan, a bheith ina chonstaic ar iarrthóir i leith a bheith rannpháirteach i bpróisis roghnúcháin EPSO.

Má tá socruithe réasúnta (oiriúnuithe) ag teastáil uait chun trialacha EPSO a dhéanamh, de dheasca míchumais nó riocht sláinte, lean na céimeanna seo a leanas:

## CÉIM 1: CÉIM AN CHLÁRÚCHÁIN

Tá tú ag déanamh iarratais ar phróiseas roghnúcháin EPSO agus tá socruithe réasúnta ag teastáil uait le haghaidh na dtrialacha roghnúcháin mar gheall ar mhíchumas nó riocht sláinte. Tabhair an freagra 'Yes' ○ sa rannán dar teideal 'REASONABLE ACCOMMODATION (ADJUSTMENTS) REQUIREMENTS' san fhoirm iarratais i do chuntas EPSO agus bailíochtaigh d'iarratas laistigh den sprioc-am a foilsíodh.

## CÉIM 2: AN CHÉIM FAISNÉISE

Tá d'iarratas bailíochtaithe agat ag céim an chlárúcháin. I do chuntas EPSO, líon isteach an fhoirm faisnéise maidir le do riachtanais shonracha, agus déan deimhin de go ndearna tú gach doiciméad tacaíochta is ábhartha a cheangal di, i.e., teastas míchumais nó leighis, tuairiscí etc. Tabhair do d'aire beartas EPSO: 'Ní fhaightear aon oiriúnú gan teastas a thabhairt ina leith', agus ná déan dearmad an chéim seo a chríochnú faoin sprioc-am a foilsíodh.

## CÉIM 3: CÉIM ANAILÍSE EPSO

Déanfaidh EPSO ACCESSIBILITY TEAM anailís ar d'iarraidh agus déanfaidh sé meastóireacht ar na socruithe réasúnta a d'fhéadfaí a chur ar fáil, más féidir in aon chor é. Déanfar socruithe réasúnta a shainiú agus a fhormheas ar bhonn do chuid riachtanas doiciméadaithe, a chineáil trialach agus na ndea-chleachtas idirnáisiúnta agus an tsaineolais is fearr sa réimse sin.
Má cheadaítear socrú réasúnta duit, cuirfear na mionsonraí ina leith sin in iúl duit in am trátha roimh dháta do thrialach. Mura bhfuil tú sásta de chinneadh EPSO maidir le d'iarraidh, téigh i dteagmháil le epso-accessibility@ec.europa.eu.

## CÉIM 4: CÉIM NA TRIALACH

Tabharfar cuireadh duit trialacha roghnúcháin EPSO a dhéanamh, ar bhonn do riachtanas sonrach agus na socruithe a ceadaíodh duit, faoi na dálaí is fearr is féidir le

go mbeidh tú in ann do chuid inniúlachtaí a léiriú go hiomlán agus dul in iomaíocht ar bhonn cothrom le hiarrthóirí eile.

## CÉIM 5: CÉIM AN AISEOLAIS

Tá aiseolas uait tábhachtach. Chun gur féidir linn leanúint ag feabhsú ar ár gcuid seirbhísí, iarrfaidh epso-accessibility@ec.europa.eu ort, i ndeireadh gach trialach roghnúcháin, aiseolas a roinnt leis faoi na socruithe a rinneadh duit.

## TUILLEADH EOLAIS

Tá tuilleadh eolais faoinár nós imeachta maidir le socrú réasúnta agus faoinár gcritéir incháilitheachta le fáil ar ár leathanach gréasáin maidir le comhdheiseanna https://epso.europa.eu/en/selection-procedure/equal-opportunities-diversity-inclusion

agus ar https://epso.europa.eu/help/faq/equal-opportunities.

De rogha air sin, is féidir dul i dteagmháil linn leis an bhfoirm maidir le teagmháil d'iarrthóirí atá le fáil trí shuíomh gréasáin EPSO, nó go díreach le ríomhphost chuig foireann inrochtaineachta epso-accessibility@ec.europa.eu.

Má bhíonn deacrachtaí agat i leith rochtain a fháil ar chodanna dár suíomh gréasáin nó ar uirlisí ag a bhfuil teicneolaíocht chúnaimh — gabhaimid pardún leat. Táimid ag obair chun feabhas a chur ar an inrochtaineacht. Déan teagmháil linn ar epso-accessibility@ec.europa.eu chun do bharúlacha a roinnt linn nó chun formáid inrochtana